

Sraith Pictiúr 3: Na Déagóirí Cróga

Gníomhaíocht 1 – bí ag éisteacht, scríobh agus ag caint:

- Féach ar bhosca 1 agus éist leis an gcur síos air dhá/trí bhabhta.
- Déan iarracht an méid a chloiseann tú a scríobh síos. (Muna bhfuil tú in ann abairtí iomlána a scríobh is leor eochairfhocail agus frásaí).
- Déan an méid atá scríofa agat a roinnt/a phlé leis an duine in aice leat. An bhfuil sibh in ann teacht ar an gcur síos iomlán.
- Éist leis an gcur síos arís.

Gníomhaíocht 2 – líon na bearnaí:

- Féach ar bhoscaí 2 agus 3.
- Thíos tá cur síos ar bhoscaí 2 agus 3. Déan iarracht na bearnaí a líonadh.

1) Chuaigh Peadar síos staighre agus _____ gur thit sé _____ nuair a chonaic sé go raibh an teach faoi uisce.

Tháinig crith _____ air.

Ní raibh a fhios aige _____ céard a dhéanfadh sé.

Bhí sé in umar _____ /i gcruachás ceart.

2) Rith sé go dtí an fhuinneog ar luas _____.

Chonaic sé beirt déagóirí, Máire agus Liam, ag suí ar an _____.

Thosaigh sé ag béiceadh orthu _____ chinn is a ghutha.

Bhí an tuile chomh ard sin nach raibh sé in ann an doras _____.

- Déan do chuid freagraí a roinnt/a phlé leis an duine in aice leat.
- Éist leis an gcur síos ar bhoscaí 2 agus 3.

Gníomhaíocht 3 – cuir in ord:

- Thíos tá cur síos ar bhoscaí 4 agus 5, ach níl sé san ord ceart. An féidir leat é a chur san ord ceart.

Tháinig crith cos agus lámh air.

Bhí an tuile chomh ard sin nach raibh sé in ann an doras a oscailt.

Thosaigh sé ag béiceadh orthu in ard a chinn is a ghutha.

Rith sé go dtí an bhfuinneog ar luas lasrach.

Chuaigh Peadar síos staighre agus ba dhóibair gur thit sé i laige nuair a chonaic sé go raibh an teach faoi uisce.

Bhí sé in umar na haimléise/i gcruachás ceart.

Ní raibh a fhios aige ó thalamh an domhain céard a dhéanfadh sé

Chonaic sé beirt déagóirí, Máire agus Liam, ag suí ar an mballa.

- Déan do fhreagra a roinnt/a phlé leis an duine in aice leat.
- Éist leis an gcur síos ar bhoscaí 4 agus 5.



Gníomhaíocht 4- bí ag scríobh agus ag caint:

- Déan iarracht cúig líne a scríobh ag déanamh cur síos ar bhosca 6.
- Tá roinnt fhocal/nathanna sa scamall focal thíos le cabhrú leat.
- Déan iarracht focail/nathanna/briathra eile a aimsiú ar www.focloir.ie

Gníomhaíocht 5 – bí ag léamh:

- Léigh an cur síos thíos ar an SP.

Gníomhaíocht 6 – bí ag éisteacht:

- Éist leis an gcur síos iomlán ar an SP.
- Breathnaigh ar an téacs ag an am céanna más maith leat.

Gníomhaíocht 7 – ciorcal comhrá:

- Ag úsáid na nótaí (ach gan a bheith á léamh), déanfaidh tú cur síos ar thrí cinn de na boscaí don duine ina aice leat. Ansin déanfaidh sé/sí sin cur síos ar na trí bhosca eile. Is féidir seo a dhéanamh cúpla uair le páirtnéirí difriúla.
- Cuir roinnt de na ceisteanna ar a chéile.
- Déan iarracht ceisteanna nua a chumadh.

Gníomhaíocht 8 – deis taifeadta:

- Déan tú féin a thaifeadadh ag déanamh cur síos ar an SP.
- Éist leis an taifeadadh atá déanta ag daoine eile.

Gníomhaíocht 9 – nathanna cainte: bí ag caint agus ag scríobh:

- Tá go leor nathanna cainte/focail úsáideacha sa téacs thíos. Tá roinnt acu marcáilte. Déan iarracht cuid acu a chur in abairt ó bhéil leis an duine in aice leat.
- Déan iarracht cuid eile acu a chur in abairt scríofa.
- Mura dtuigean tú céard is brí le nath cainte déan é a chuardach ar www.focloir.ie.

Gníomhaíocht 10 – céard fút féin?

- Scríobh cúpla pointe faoi laethanta saoire a bhí agat féin.
- Déan iarracht cuid de na nathanna sa téacs thíos a úsáid.
- Déan focail agus briathra nua a chuardach ar www.focloir.ie
- Nodanna/Feidhmeanna Teanga: Cuir síos a thabhairt ar na laethanta saoire a rá gur thaitin nár thaitin siad leat agus cén fáth.
- Déan an méid atá scríofa agat a roinnt leis an duine in aice leat.
- Arís is féidir tú féin a thaifeadh.

Gníomhaíocht 11 – Mír Seoigh!

Rólghlacadh!

- Scríobh an comhrá atá ar siúl ar an nguthán.
- Úsáid do shamhlaíocht!
- Nodanna/Feidhmeanna Teanga: Cuir síos a thabhairt ar an eachtra, mínigh cén chaoi a chabhraigh tú leis an duine.
- Déan an méid a scríobh tú a roinnt leis an duine in aice leat.



Na déagóirí cróga

- 1) Bhí Peadar ina chodladh **go sámh**.
Bhí sé **ag stealladh báistí** i rith na hoíche. Bhí gálaí gaoithe ann freisin.
Dhúisigh sé **ag breacadh an lae**.
Bhí an bháisteach ag cnagaireacht ar an bhfuinneog.
Bhí tuilte taobh amuigh.
- 2) Chuaigh Peadar síos staighre agus **ba dhóibair** gur thit sé i laige nuair a chonaic sé go raibh an teach faoi uisce.
Tháinig **crith cos agus lámh** air.
Ní raibh a fhios aige **ó thalamh an domhain** céard a dhéanfadh sé.
Bhí sé in **umar na haimléise**/i gcruachás ceart.
- 3) Rith sé go dtí an fhuinneog ar luas lasrach.
Chonaic sé beirt déagóirí, Máire agus Liam, ag suí ar an mballa.
Thosaigh sé ag béiceadh orthu in ard a chinn is a ghutha.
Bhí an tuile chomh ard sin nach raibh sé in ann an doras a oscailt.
- 4) Ghlac Máire agus Liam trua don seanfhear bocht.
Chuaigh Liam i gcabhair air.
Bhí sé **fiuch báite** ach ba chuma leis.
Dúirt sé le Peadar go gcabhródh siad leis agus gan a bheith buartha.
Ghlaoigh Máire ar na seirbhísí éigeandála agus d'impigh orthu teacht go tapaidh.
- 5) I bpreabadh na súl bhí na fir dóiteáin ar an láthair.
Thug siad **lámh chúnta** do Pheadar teacht amach an fhuinneog.
Bhí eagla an domhain ar an bhfear bocht ach bhí sé buíoch go raibh sé éalaithe ón Tugadh Peadar go dtí an ospidéal.
- 6) Níorbh fhada go raibh Peadar tagtha chuige féin.
Bhí sé suite sa leaba **ar a sháimhín só** nuair a tháinig Máire agus Liam ar cuairt.
Ghabh sé buíochas leo as an gcabhair ar fad a thug siad dó.
Dúirt siad leis go mbeadh sé sa mbaile sula i bhfad.
Bhí sé **ag tnúth** le dul abhaile.

Ceisteanna don Idirghníomhaíocht:

- 1) Ar thug siad bronntanas chuige san ospidéal? Céard é féin?
- 2) Cén fáth a raibh Peadar san ospidéal? An raibh sé gortaithe/tinn?
- 3) An raibh mórán damáiste déanta don teach, meas tú?
- 4) Cad a bhí na déagóirí ag déanamh ar an gcláí?
- 5) An raibh aithne acu ar Pheadar roimh an eachtra seo, meas tú?